Dhá Chluais Chapaill

Dhá Chluais Chapaill

Bhí rí in Éirinn i bhfad ó shin agus Labhraidh Loingseach an t-ainm a bhí air. Bhí an rí seo aisteach. Ba ghnáth leis bearradh gruaige a fháil uair sa bhliain. Ach ar an drochuair chuireadh sé an fear a bhearr a ghruaig, chuireadh sé é chun báis. Nuair a bhíodh sé ag caint le muintir na hÉireann bhíodh a cheann clúdaithe i gcónaí, fiú nuair a bhíodh an ghrian ag spalpadh anuas i lár an tsamhraidh. Bhí imní ar dhaoine faoi seo. Chuaigh an scéal ar aghaidh mar seo ar feadh fada go leor.

Bhí baintreach ina cónaí in Éirinn ag an am seo. Ní raibh aici ach aon mhac amháin. Ar ndóigh shíl an bhean seo a mhór dá mac. Thóg sí go maith é agus gasúr beag iontach maith a bhí ann. Lá amháin fuair an mac seo scéala go raibh air gruaig an rí a bhearradh. Bhí uafás agus sceimhle ar an bhean nuair a chuala sí cad é a tharla. Bhí a croí briste. Thuig sí nach raibh roimhe ach an bás. Bhí uirthi rud inteacht a dhéanamh. Chuaigh sí a fhad leis an rí. D'impigh sí air. Ní raibh ach aon mhac amháin aici, a dúirt sí. Ní bheadh sí beo ina dhiaidh, a dúirt sí. Bhí trua ag an rí di féin agus dá mac. Gheall sé gan an mac a mharú.

Tháinig an mac go caisleán an rí. Bhain an rí a cheannbheart de agus baineadh siar as an mhac. Bhí cluasa aisteacha ar an rí. Cluasa capaill a bhí air! Bhí iontas air ach dúirt sé leis an rí nach scaoilfeadh sé a rún le duine ar bith. Bhí a fhios ag an rí go raibh sé ag inse na fírinne. Nuair a bhí an obair déanta ag an fhear óg dhíol an rí go maith é agus chuaigh sé abhaile sona sásta. Bhí go maith is ní raibh go holc. Tar éis tamaill d'éirigh an fear óg tinn. Thuig an bhean go raibh rud inteacht ag cur isteach go mór air.

Chuir sí fios ar an dochtúir. Tháinig an dochtúir agus chuir sé scrúdú ar an fhear óg. Thuig an dochtúir nár ghnáth-thinneas a bhí ann. Dúirt sé leis an mhac go raibh rún inteacht aige agus go raibh air an rún seo a ligean, sin nó go mbeadh deireadh leis. Bhí fadhb ag an fhear óg. Cad é a dhéanfadh sé? Dúirt sé leis an dochtúir gur gheall sé don rí nach scaoilfeadh sé a rún le duine ar bith. Dúirt an dochtúir leis an rún a scaoileadh leis an chéad chrann a chasfaí air.

Chuaigh an fear óg ag spaisteoireacht amuigh faoin tuath. Bhí crann mór ag fás ar thaobh an bhealaigh mhóir. Shiúil sé a fhad leis an chrann agus dúirt sé leis an chrann go raibh dhá chluais chapaill ag an rí. Níorbh fhada ina dhiaidh sin gur tháinig biseach air.

Ag an am seo bhí ceoltóir ag an rí. Bhí an duine seo iontach maith ag seinm ar an chruit. Ach bhí cruit s'aige aosta go maith. Shíl sé go ndéanfadh sé cruit úr. Amach leis faoin tuath. Ghearr sé crann síos agus rinne sé cruit úr dó féin. Ach ba é an crann a ghearr sé ná an crann lenar scaoil an mac a rún. Bhí an chruit chomh maith sin go raibh an ceoltóir ag iarraidh go mór í a sheinm don rí. Bhí uaisle na hÉireann cruinnithe i gcaisleán an rí. D'iarr an rí air a chruit úr a sheinm. Thóg an ceoltóir an gléas ceoil agus thosaigh sé ar an cheol. Ach ní ceol a tháinig amach as an chruit ach caint!

"Tá dhá chluais chapaill ar Labhraidh Loingseach!" a dúirt an chruit. Bhí an rí ar buile.

"Faighigí an ceoltóir sin agus cuirigí chun báis é!" a scread sé.

Ach ansin thuig sé go raibh a rún i mbéal an phobail. Bhí náire air. Ní raibh náire air mar gheall ar a chuid cluas, ach cionn is gur chuir sé an oiread sin daoine chun báis mar gheall orthu. Ligeadh an ceoltóir saor agus níor chlúdaigh an rí a chuid cluas uaidh sin amach.

© CCEA 2022

COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning